# AN TAJ MAHAL

## An India

400 bliain ó shin a tógadh an Taj Mahal. As marmar agus clocha leathlómhara a tógadh é. Lonraíonn sé faoi sholas na gréine ar bhruach Abhainn an Yamuna in Agra i dtuaisceart na hIndia.

Ní foirgneamh reiligiúnda ná leacht ealaíonta é, is é an másailéam is mó ar domhan é. Is ann a cuireadh Mumtaz Mahal, bean chéile Shah Jahan, impire na Mógal.

